

MAYO COUNTY COUNCIL

# BEALTAINE 2009

## CELEBRATING CREATIVITY IN OLDER AGE

## Ag Ceiliúradh na Cruthaitheachta sa Seanaois

**Fáilte chuig Bealtaine 2009. Is í seo an ceathrú bliain déag de Bhealtaine, an fhéile náisiúnta a cheiliúrann an chruthaitheacht i ndaoine aosta – é comhordanáidithe go náisiúnta ag Age and Opportunity (áisínteacht a bunaíodh le tabhairt faoi dhearcadh diúltach i leith na seanaoise agus le cur chun cinn ról níos leithne ag seanóirí sa phobal). Is é atá mar aidhm ag Bealtaine ná cur le hionchur sheandaoine sna healaíona trí léiriú mothúcháin agus trí pháirt ghníomhach a ghlacadh. Meallann Bealtaine seandaoine le bheith ina lucht féachana/éisteachta eolasach ag foirmeacha uile na healaíne.**

## Celebrating Creativity in Older Age

**Welcome to Bealtaine 2009. This is the fourteenth year of Bealtaine, the national festival which celebrates creativity in older age – co-ordinated nationally by Age and Opportunity (an agency set up to challenge negative attitudes to ageing and to promote greater participation by older people in society). Bealtaine aims to involve older people in the arts, through expression and active participation. It also encourages older people to engage as an experienced audience for all art forms.**

## Seoladh an Chláir

Cuirfidh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo fáilte roimh chách chuig seoladh clár Bealtaine 2009 in Óstán an Welcome Inn, Caisleán an Bharraigh, Dé Ceadaoin an 29 Aibreán ag a 2.30i.n. Seolfaidh an Comhairleoir Joe Mellett, Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhaigh Eo, an clár go hoifigiúil. Cuirfear tae/caife agus sóláistí ar fáil agus beidh ceol ann ó **The Siobhán Pettit Jazz Quintet**. Is í Siobhán Petit atá mar phríomh-amhránaí ar an mbanna, amhránaí cumasach snagcheoil, ghormacha agus an cheoil laidinigh atá inti. An tús is fearr le Bealtaine i Maigh Eo, is ócáid í seo ag a mbeidh deis ag lucht CGLS bualadh le chéile, comhrá a dhéanamh agus an tráthnóna a chaitheamh ag damhsa le snagcheol beo á dtionlacan.

## Programme Launch


*Siobhán Pettit*

Everybody is welcome to join Mayo County Council Arts Office at the launch of Bealtaine 2009 programme in the Welcome Inn Hotel, Castlebar on Wednesday 29th April at 2.30pm. Cllr Joe Mellett, Cathaoirleach Mayo County Council will officially launch the programme. Tea/Coffee and sandwiches will be served and music will be provided by **The Siobhán Pettit Jazz Quintet.** The Quintet is fronted by a fantastic singer of swing, blues and latin standards, Siobhán Pettit. The perfect start to Bealtaine in Mayo, this is an occasion where A.R.A's will have a chance to meet up, chat and dance the afternoon away with live Jazz music.

# An Clár

Sa chlár cuimsitheach seo beidh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo ag obair le breis agus scór Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir ar fud Mhaigh Eo i gcaitheamh Bealtaine 2009. Cuirfear ceardlanna ar bun faoi stiúir chuiditheoirí profisiúnta i gnéithe éagsúla ealaíne, damhsa, drámaíocht, scríbhneoireacht chruthaitheach, ceol agus cuimhne, samba agus cnagadh, scéalaíocht agus amharcealaín ina measc. Tá an Oifig Ealaíon ag obair le hlonaid Cúram Sláinte ag cur an cheoil agus na filíochta os comhair an phobail ar fud Mhaigh Eo.

Anuas ar seo ar fad beidh trí mhórthogra ann i 2009:

- Leanacht den togra New Ground
- Léiriú scannáin de chuid Michael Fortune
- ENVISAGE – fionnachtain áite

Beidh imeachtaí éagsúla, ó léachtaí go scannáin agus dalladh eile, ar siúl i gcaitheamh na Bealtaine in ionaid ealaíon ar fud an chontae agus i leabharlanna de chuid Seirbhís Leabharlanna Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

**Ba mhian le hOifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo buíochas ó chroí a ghabháil leis na hionaid, na grúpaí agus na daoine éagsúla atá bainteach le Bealtaine 2009.**

# The Programme

This extensive programme features Mayo County Council Arts Office working with over twenty Active Retirement Associations throughout Mayo during Bealtaine 2009. Workshops with professional facilitators will take place in numerous art forms including dance, drama, creative writing, music and memory, samba and percussion, storytelling and visual art. The Arts Office is also working with Health Care Settings providing music and poetry recitals throughout Mayo.

In addition there will be three major projects in 2009:

- Continuation of the New Ground project
- Screening of Michael Fortune's film
- ENVISAGE – an exploration of place.

Arts venues throughout the county as well as Mayo County Council Library Service will also have a variety of events on offer during Bealtaine ranging from talks to workshops to films and much more.

**Mayo County Council Arts Office would like to thank most sincerely all the venues, groups and individuals associated with the Bealtaine Festival 2009.**







**New Ground, Féile na Tuaithe, 23 & 24 Bealtaine i Músaem Shaol na Tuaithe.**

Beidh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo i gcomhar le Mayo Artsquad, ealaíontóirí áitiúla agus Músaem Shaol na Tuaithe ag leanacht den obair a thosaigh le New Ground (2008) i dtionscadal suíomh-lárnaithe mar chuid d'Fhéile na Tuaithe i rith na Bealtaine. Baint mhór a bheas ag na saothair ealaíne a chruthófas le cnuasach an mhúsaeim.

Nascann an tionscadal seo buíon ealaíontóirí sár-oilte a bhfuil caidreamh sean-bhunaithe cruthaithe le pobail i Maigh Eo acu. Bainfidh siad leas as tailte agus taispeántáin Mhúsaeim Shaol na Tuaithe mar fhoinse spreagaidh agus ionsparáide le saothair ealaíne a chruthú i gcomhthéacs nósanna agus daoine. Lonnófar na saothair ealaíne suíomh-lárnaithe seo i dtailte an mhúsaeim i dTurlach le linn Fhéile na Tuaithe, ag cur le díospóireacht beo idir na healaíontóirí, na saothair ealaíne, an lucht féachana agus an músaem.

**Mayo Artsquad** – Bunaithe le tacaíocht ó FÁS i 1997, cuireann Artsquad Chomhairle Contae Mhaigh Eo oiliúint den scoth ar fáil i scileanna ealaíne pobail do chúig dhuine dhéag in aghaidh na bliana. Is as chuile chineál cúlra na daoine a ghlacann páirt in Artsquad agus tugann siad tacaíocht do ghrúpaí ó gach réimse den phobal, iad ag cur ceardlanna, oiliúint agus amharclann sráide ar fáil. Bíonn Artsquad ag obair do dian dícheallach le féilte ar fud an chontae.





**New Ground May 23rd & 24th, Grounds of The National Museum of Ireland-Country Life, as part of the Féile na Tuaithe festival.**

In partnership, Mayo County Council Arts Office, Mayo Artsquad, local artists and The National Museum of Ireland – Country Life will continue the work of New Ground (2008) in a site-specific project as part of Féile na Tuaithe in May. The art works created on site will directly reference the museum's collection.
This project brings together a team of highly experienced artists with established links to the communities in Mayo. They will use the grounds and exhibits on display at the The National Museum of Ireland - Country Life as a resource and inspiration to develop creative works in the context of traditions and people. The resulting site-specific art works will be installed in the grounds of the museum in Turlough for the duration of Féile na Tuaithe, creating a living dialogue between the artists, the artwork, the audience and the museum.

**Mayo Artsquad** – Established in 1997 with FÁS support, Mayo County Council's Artsquad has continued to provide excellent training in community arts skills for fifteen participants annually. The participants on Artsquad come from a wide variety of backgrounds and work with groups from all communities, providing workshops, training and street theatre. The Artsquad also works extensively with festivals throughout the county.





museum
National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann
Country Life

FÁS
Foras Áiseanna Saothair
Training & Employment Authority

# Scannán Michael Fortune



Léireofar scannán gearr de chuid Michael Fortune faoi choimirce na scéime Céatadán ar son na hEalaíne Contae Mahigh Eo do ghrúpaí éagsúla CGLS ón chontae. Tugtar léargas sa scannán ar phiseoga a thaifead Michael i dtithe agus in ionaid éagsúla i mBaile an Róba agus sa cheantar máguaird.

CGLS Bhéal Átha hAmhnais, Déardaoin 21 Bealtaine @ 6.30 i.n. i dTeach Pobail na Tithíochta Sóisialta i mBéal Átha hAmhnais.

CGLS Mhainistir Mhaigh Eo, Dé hAoine 22 Bealtaine @ 4 i.n. in Ionad an Easpaig Uí Éalaí.

CGLS Bhalla, Dé hAoine 22 Bealtaine @ 2 i.n. i Halla Pobail Bhalla.

Léireofar an scannán le linn Fhéile na Tuaithe fosta .

# Michael Fortune Film

A short film by Michael Fortune, commissioned under Mayo County Council's Percent for Art scheme, will be screened for selected ARA groups in the county. The film features a collection of superstitious beliefs, which were recorded by Michael in various private homes and centres, in and around the town of Ballinrobe, Co. Mayo.

Ballyhaunis ARA Thursday 21st May @ 6.30pm in Ballyhaunis Social Housing Community House.

Mayo Abbey ARA, Friday 22nd May @ 4pm in Bishop O Haley Centre.

Balla ARA , Friday 22nd May @ 2pm in Balla Community Hall.

The film will also be screened during Féile na Tuaithe.





**ENVISAGE – smaointe nua ar ionaid chónaithe roinnte.**
**Lough Lannagh Village, Dé Céadaoin 6 agus Déardaoin 7 Bealtaine**

Is comhthionscadal í ENVISAGE, a leanfaidh ar aghaidh ar feadh dhá lá le linn na Bealtaine, agus a tosaíodh faoi stiúr Bhealtaine, a thabharfaidh deis d'ealaíontóirí/ scríbhneoirí/ ailtirí/ smaointeoirí/ pinsinérí/ pleanálaithe teach le chéile le samhlú . . . . .
Is scrúdú ar ár gcaidreamh le spás agus suíomh an seimineár chomh maith le bheith ina dheis le comhionad cónaithe roinnte. Níos mó na fóntaíoch – áit ab ansa leat dul. Ní hé atá mar aidhm ag an dá lá filleadh ar an obair agus polasaí a chruthú, ach filleadh le smaoineamh soiléir an duine ar an méid is féidir leis a athrú.

Tosaíonn an tionscadal, bunaithe ar thaighde i gContae Mhaigh Eo, i gcomhoibriú le hOifig Ealaíon Chomhairle Chontae Mhaigh Eo agus The Inspiration Station, i gcaitheamh mhí Márta le dianchomhairliú agus le hobair chruthaitheach.

Cuirfear tús le ENVISAGE i Lough Lannagh Village, Caisleán an Bharraigh.

**ENVISAGE – new imaginings for collective residential spaces .**
**Lough Lannagh Village, Wednesday 6th and Thursday 7th May .**

ENVISAGE is a Bealtaine-initiated collaboration happening over two days in May, where a group of invited artists/ writers/ architects/ thinkers/ retirees/ planners gather together to imagine…..

The seminar is a collective exploration of our relationship with space and place and an opportunity to imagine an ideal collective residential space. Beyond utilitarian – a place you'd actually like to go. The aim of the two days is not to return to work and create policy, the intention is to return with a clear idea of what each individual can change.

Based on research in County Mayo, in collaboration with Mayo County Council Arts Office and The Inspiration Station, the project begins in March with extensive consultation and creative work.

The ENVISAGE event will take place in Lough Lannagh, Castlebar.



## Clár Ceadail

### Ceoltóir Traidisiúnta
### Bríd Kivneen

Áras Deirbhle, Béal an Mhuirthead. Déardaoin 7 Bealtaine 2009 ag 1.30i.n.

Teach Banaltrais Mhic Giolla Bhríde, Cathair na Mart. Dé hAoine 8 Bealtaine 2009 ag a 2i.n.



### Bríd Kivneen

Is ceoltóir pobail í Bríd Kivneen a bhfuil an grá don cheol, don amhránaíocht agus don damhsa le sonrú go smior ina cuid oibre ar fad. Foinn thraidisiúnta a thóg sí ó sheancheoltóirí an Chláir a sheinneann sí agus tá stór leathan amhráin aici ó thraidisiúin éagsúla a roinneann sí go fial flaithiúil.

---

### Ceoltóirí Traidisiúnta Emer Mayock (Fliúiteadóir) & Donal Siggins (Mandola/Giotár)

Teach Banaltrais Daltúin, Clár Chlainne Mhuiris. Dé Céadaoin 13 Bealtaine ag a 2i.n.

Baile Bhreandáin, An Mhala Raithní. Déardaoin 14 Bealtaine ag a 2i.n.



### Emer Mayock & Donal Siggins

Is ceoltóir agus cumadaóir ceoil as Co. Mhaigh Eo í Emer Mayock. Thosaigh sí ag aois óg ar réimse uirlisí ceoil, an fheadóg mhór, an fheadóg íseal, an fhidil agus na píopaí uilleann ina measc.

## Music Recitals Programme

### Traditional Musician
### Bríd Kivneen

Áras Deirbhle, Belmullet. Thursday 7th May 2009 at 1.30pm

McBride Home, Westport. Friday 8th May 2009 at 2pm

### Bríd Kivneen

Bríd Kivneen is a community musician whose love of music, song and dance comes across in all her work. She plays traditional Irish music which she learnt at the hands of the old players in County Clare and she has a range of songs from a variety of traditions which she loves to share.

### Traditional Musicians Emer Mayock (Flautist) & Donal Siggins (Mandola/Guitar)

D'Alton Home, Claremorris. Wednesday 13th May at 2pm

St. Brendan's Village, Mulranny, Thursday 14th May at 2pm

### Emer Mayock & Donal Siggins

Emer Mayock is a musician and composer from Co. Mayo. She began to play traditional music during her childhood on a range of instruments including the Flute, Low Whistles, Fiddle and Uilleann Pipes.

| ## Clár Ceadail | ## Music Recitals Programme |
| --- | --- |

I mBaile Átha Cliath a rugadh an ceoltóir agus an cumadóir ceoil Donal Siggins. Mhéadaigh a shuim sa cheol traidisiúnta agus mhúin sé roinnt uirlisí dó féin, an mandola/bouzouki agus an giotár ina measc.Leanann sé den chomhoibriú sean-bhunaithe le hEmer Mayock, ceoltóir de bhunadh Mhaigh Eo.

Donal Siggins was born in Dublin and is a musician and composer. Donal discovered an interest in traditional music and became self-taught on a number of instruments including the mandola/bouzouki and guitar. He continues a long time collaboration with Mayo musician Emer Mayock.

**Lar Easa, Deirdre Byron-Smith (Cláirseoir) & Anna Huston (Dordveidhleadóir)**
Áras Attracta, Béal Átha na Muice.
Dé Máirt 19 Bealtaine ag a 11a.m.



**Lar Easa; Deirdre Byron-Smith (Harpist) & Anna Huston (Cellist)**
Áras Attracta, Swinford.
Tuesday 19th May at 11am

Ionad an Athar Peyton, Áit Tí an Mheasaigh, Béal an Átha.
Dé Máirt 19 Bealtaine ag a 2i.n.

Fr. Peyton Centre, Attymass, Ballina,
Tuesday 19th May at 2pm

**Cruit Ghaelach Lar Easa agus Díséad Dordveidhle**
Tá an díséad Lar Easa lonnaithe i gContae Shligigh in Iarthuaisceart na hÉireann. Bíonn glór Dheirdre Byron-Smith, iar-cheoltóir de chuid Chaisleán Bhun Raite, á thionlacan lena cláirseach féin. Is dordveidhleadóir aitheanta í Anna Houston a d'fhreastal ar an Conservatory i mBern na hEilvéise.



**Lar Easa Irish Harp and Cello Duo**
Lar Easa Duo are based in County Sligo in the Northwest of Ireland. Singer Deirdre Byron-Smith, who is an ex-Bunratty Castle performer, accompanies her own voice on the Irish Harp. Anna Houston is an accomplished cellist who studied at the Conservatory in Bern, Switzerland.

## Clár Ceadail

## Music Recitals Programme

**Terry McDonagh (File) & John Kilkenny (Fidléir)**
Ionad Cúraim Naomh Colmáin, An Caol, Acaill. Dé Luain 25 Bealtaine ag a 2i.n.



**Poet Terry McDonagh & Fiddle player John Kilkenny**
St. Colman's Care Centre, Keel, Achill, Monday 25th May at 2pm

**John Kilkenny**
Is i gclann ceolmhar a rugadh agus a tógadh John Kilkenny. Tá baint le fada aige le ceol traidisiúnta idir bheith á sheinm, páirt a ghlacadh i gcomórtais agus i gcur chun cinn an cheoil traidisiúnta. Léiríonn agus cuireann sé a chlár ceoil traidisiúnta féin i láthair ar CRC FM i gCaisleán an Bharraigh.

**John Kilkenny**
John Kilkenny comes from a musical family. He has been involved in playing, competing, teaching and promoting traditional music at all levels. He also produces & presents his own Traditional Irish Music programme on CRC F.M. in Castlebar.

---

**Terry McDonagh (File) & Diarmaid Moynihan (Píobaire Uilleann)**
Teach Banaltrais an Chroí Rónaofa, Caisleán an Bharraigh. Dé Céadaoin 27 Bealtaine ag a 2i.n



**Poet Terry McDonagh & Uileann Piper Diarmaid Moynihan**
Sacred Heart Home, Castlebar, Wednesday 27th May at 2pm

**Terry Mc Donagh**
Is file agus is drámadóir é Terry McDonagh a rugadh i gCill Aodáin, Co. Mhaigh Eo. Tá 4 chnuasach filíochta dá chuid foilsithe; dráma, úrscéal agus leabhar filíochta do pháistí.

**Terry Mc Donagh**
Terry McDonagh is a poet and dramatist from Cill Aodáin, Co. Mayo. He has published 4 collections of poetry; a play, a book of letters, a novel and a book of poetry for children.

**Diarmaid Moynihan**
Is píobaire uilleann aitheanta é Diarmaid Moynihan a chum ceol do roinnt mhórcheoltóirí pobail ar fud an domhain, Lúnasa, Flook agus Mike McGoldrick ina measc.

**Diarmaid Moynihan**
Renowned uilleann piper, Diarmaid Moynihan has written music for many of the folk world's leading artists including Lunasa, Flook and Mike McGoldrick.

# Clár Ceardlanna/Workshops Programme

**Gach Imeacht Saor In Aisce / All events are free**

| | |
|---|---|
| **CGLS Mhainistir Mhaigh Eo** | **Ceardlann sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach le Helen Falconer**<br>Dé hAoine 1 Bealtaine ag a 2i.n. in Ionad an Easpaig Uí Éalaí |
| **Mayo Abbey ARA** | **Creative Writing Workshop with Helen Falconer**<br>Friday 1st May at 2pm in Bishop O'Haley Centre. |



| | |
|---|---|
| **CGLS Chaisléan an Bharraigh & Béal Átha hÉin** | **Samba/Cnagadh le Robbie Harris**<br>Dé Céadaoin 6 Bealtaine ag a 3i.n. in Óstán an Welcome Inn, Caisleán an Bharraigh |
| **Castlebar & Ballyheane ARA's** | **Samba/Percussion with Robbie Harris**<br>Wednesday 6th May at 3pm in Welcome Inn Hotel Castlebar. |

| | |
|---|---|
| **CGLS Chrois Mhaoilíona** | **Ceol & Cuimhne le John Hoban**<br>Dé Céadaoin 6 Bealtaine ag a 2.30-4i.n. i Halla Chrois Mhaoilíona. |
| **Crossmolina ARA** | **Music & Memory with John Hoban**<br>Wednesday 6th May at 2.30-4pm in Crossmolina Town Hall. |

| | |
|---|---|
| **CGLS Cairde le Chéile** | **Drámaíocht le Niamh Mc Grath**<br>Dé Céadaoin 6 Bealtaine ag a 11a.m.-1i.n. in Uimhir 2 Páirc Sáile, Gaoth Sáile. |
| **Cairde le Chéile ARA** | **Drama with Niamh Mc Grath**<br>Wednesday 6th May at 11am-1pm in No. 2 Páirc Sáile, Geesala |



| | |
|---|---|
| **CGLS Bhéal Átha hAmhnais** | **Ceol & Cuimhne le John Hoban**<br>Déardaoin 7 Bealtaine ag a 6.30-8i.n. i dTeach Pobail na Tithíochta Sóisialta i mBéal Átha hAmhnais. |
| **Ballyhaunis ARA** | **Music & Memory with John Hoban**<br>Thursday 7th May at 6.30-8pm in Ballyhaunis Social Housing Community House |

| | |
|---|---|
| **CGLS Bhaile Chathail** | **Drámaíocht le Niamh Mc Grath**<br>Dé Luain 11 Bealtaine ag a 3.15 – 5i.n. in Ionad Tréadach Bhaile Chathail |
| **Charlestown ARA** | **Drama with Niamh Mc Grath**<br>Monday 11th May at 3.15 - 5pm in Charlestown Pastoral Centre. |

# CLÁR CEARDLANNA/WORKSHOPS PROGRAMME

**Gach Imeacht Saor In Aisce / All events are free**

| | |
|---|---|
| **CGLS Bhaile an Róba** | **Ceol & Cuimhne le John Hoban**<br>Dé Luain 11 Bealtaine ag a 11a.m.-12.30i.n.<br>i Seanscoil na mBuachaillí |
| **Ballinrobe ARA** | **Music & Memory with John Hoban**<br>Monday 11th May at 11am-12.30pm in Old Boy's NS. |



| | |
|---|---|
| **CGLS Choillte Mach** | **Ceol & Cuimhne le John Hoban**<br>Dé Máirt 12 Bealtaine ag a 11a.m.-1i.n.<br>i Halla an Bhaile, Coillte Mach |
| **Kiltimagh ARAs** | **Music & Memory with John Hoban**<br>Tuesday May 12th May at 11am-1pm<br>in Kiltimagh Town Hall Theatre. |

| | |
|---|---|
| **CGLS an Tuairín** | **Amharcealaín le Tom Meskell**<br>Dé Luain 11 Bealtaine ag a 3-5i.n. i Halla an Tuairín |
| **Tooreen ARA** | **Visual Art with Tom Meskell**<br>Monday 11th May at 3-5pm in Tooreen Hall. |



| | |
|---|---|
| **Baile an Daighin & An Baile Gaelach** | **Amharcealaín le Breda Murphy**<br>Dé Máirt 12 Bealtaine ag a 2-4i.n.<br>in Ionad Pobail Bhaile an Daighin. |
| **Ballindine & Irishtown ARA** | **Visual Art with Breda Murphy**<br>Tuesday 12th May at 2-4pm in Ballindine Community Centre. |



| | |
|---|---|
| **CGLS Bhéal Easa.** | **Damhsa le Clare Hughes**<br>Dé Céadaoin 13 Bealtaine ag a 10.30a.m.<br>in Ionad na Seirbhísí Sóisialta, Béal Easa |
| **Providence Foxford ARA.** | **Dance with Clare Hughes**<br>Wednesday 13th May at 10.30am<br>in the Social Services Centre Foxford |

| | |
|---|---|
| **CGLS an Chlochair** | **Ceol & Cuimhne le John Hoban**<br>Dé Céadaoin 13 Bealtaine ag a 11a.m.-1i.n.<br>in Ionad Pobail an Chlochair. |
| **Clogher ARA** | **Music & Memory with John Hoban**<br>Wednesday 13th May at 11am-1pm<br>in Clogher Community Centre. |

# CLÁR CEARDLANNA/WORKSHOPS PROGRAMME

**Gach Imeacht Saor In Aisce / All events are free**

| | |
|---|---|
| CGLS Bhalla | **Damhsa le Clare Hughes**<br>Dé hAoine 15 Bealtaine ag a 4i.n. i Halla Pobail Bhalla Easa |
| Balla ARA. | **Dance with Clare Hughes**<br>Friday 15th May at 4pm in Balla Community Hall. |

| | |
|---|---|
| CGLS Chathair na Mart. | **Damhsa le Clare Hughes**<br>Dé Luain 18 Bealtaine ag a 3i.n. i gCúirt Plougastel, Bóthar na Drioglainne. |
| Westport ARA | **Dance with Clare Hughes**<br>Monday 18th May at 3pm in Plougastel Court, Distillery Road, Westport. |



| | |
|---|---|
| CGLS Bhaile Uí Fhiacháin. | **Damhsa le Clare Hughes**<br>Dé Luain 18 Bealtaine ag a 8i.n. in Ionad Naomh Dominic. |
| Newport ARA. | **Dance with Clare Hughes**<br>Monday 18th May at 8pm in St. Dominics. |

| | |
|---|---|
| CGLS Chill Mheáin. | **Ceardlann sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach le Helen Falconer**<br>Dé Luain 18 Bealtaine ag a 8 i.n. i Halla Chill Mheáin |
| Kilmaine ARA. | **Creative Writing Workshop with Helen Falconer**<br>Monday 18th May at 8 pm in Kilmaine Hall. |



| | |
|---|---|
| CGLS an Úlloird/Béal Átha na Muice | **Scéalaíocht le Clare Murphy**<br>Dé Luain 25 Bealtaine ag a 3.30i.n. in Ionad Pobail an Úlloird. |
| The Orchard Age/ Swinford | **Storytelling with Clare Murphy**<br>Monday 25th May at 3.30 pm in Orchard Community Centre. |

| | |
|---|---|
| CGLA Lios na Maol | **Scéalaíocht le Clare Murphy**<br>Dé Luain 25 Bealtaine ag a 8i.n. in Ionad Pobail Lios na Maol |
| Roundfort ARA | **Storytelling with Clare Murphy**<br>Monday 25th May at 8pm in Roundfort Community Centre. |

| | |
|---|---|
| Young at Heart na Páirce | **Scéalaíocht le Clare Murphy**<br>Déardaoin 28 Bealtaine ag a 10.30a.m. in Ionad Pobail na Páirce. |
| Young at Heart Parke | **Storytelling with Clare Murphy**<br>Thursday 28th May at 10.30 am in Parke Community Centre. |

# SEIRBHÍS LEABHARLAINNE CHOMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO

AG CEILIÚRADH BEALTAINE.

## CLÁR LÉACHTAÍ & LÉAMHA:

**The Irish Tourist Association Survey - Achill a tourist destination in the 1940s. Léacht leis an gceardlannaí Brigid Clesham.**

***Leabharlann Acla, Dé Céadaoin 13 Bealtaine ag a 11.30am***



Rinneadh suirbhé sna 1940í luatha i gContae Mhaigh Eo, paróiste i ndiaidh pharóiste, chun iarracht a dhéanamh borradh a chur foin turasóireacht in Iarthar na hÉireann. Tá fillteáin na suirbhéirí á gcaomhnú go fóill i Leabharlann an Chontae, Caisleán an Bharraigh. Tugtar eolas iontu faoi stair agus tofagrafaíocht na paróiste, ionaid spóirt, áiseanna chaitheamh aimsire, tionslcaíocht áitiúil chomh maith le heolas ginearálta faoi na sráidbhailte éagsúla. Tá suirbhé an ITA ar fáil anois ar líne ar shuíomh gréasáin Sheirbhís Leabharlainne Chontae Mhaigh Eo (www.mayolibrary.ie).

# MAYO COUNTY COUNCIL LIBRARY SERVICE

CELEBRATING BEALTAINE.

## TALKS & READINGS PROGRAMME:

**The Irish Tourist Association Survey - Achill a tourist destination in the 1940s. A talk with archivist Brigid Clesham.**

***Achill Library, Wednesday 13th May at 11.30am***

A survey was conducted in the early 1940s in County Mayo on a parish by parish basis in an effort to promote tourism in the West of Ireland. The surveyors' files are now preserved in Mayo County Library, Castlebar. It includes information regarding the history and topography of the parish, sporting provisions, holiday amenities, local industry and general information about the various villages. The ITA Survey is now also available online on the Mayo Library website (www.mayolibrary.ie)






## SEIRBHÍS LEABHARLAINNE CHOMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO

AG CEILIÚRADH BEALTAINE.

## CLÁR LÉACHTAÍ & LÉAMHA:

### Down Memory Lane: favourite poems and memories from school leis an údar Thomas F. Walsh

***Leabharlann Bhaile an Róba, Dé Luain 25 Bealtaine***
***Leabharlann Chathair na Mart, Dé Máirt 19 Bealtaine ag ag a 3.00i.n.***

Gar d'Áth Cinn i gCo.na Gaillimhe a rugadh an múinteoir agus an scríbhneoir Thomas F. Walsh. Tógadh lena chuid deartháireacha agus deirfiúracha ar an bhfeirm bheag a ndéanann sé cur síos ar leith uirthi in *Once in a Green Summer.*

Sa leabhar seo, agus ina shraith filíochta *Favourite Poems* a raibh tóir mhór air sna siopaí, tá athheochan álainn déanta aige ar chuimhní iontacha ón domhan dearmadta úd. Is cnuasach de na dánta scoile is mó a dhéantar tagairt dóibh é *Favourite Poems we Learned in Schools*. Is dánta allabhracha iad seo agus spreagfaidh siad cumha nach beag i gcroíthe go leor.

## MAYO COUNTY COUNCIL LIBRARY SERVICE

CELEBRATING BEALTAINE.

## TALKS & READINGS PROGRAMME:

### Down Memory Lane: favourite poems and memories from school with author Thomas F. Walsh

***Ballinrobe Library, Monday 25th May at 11.00am***
***Westport Library, Tuesday 19th May at 3.00pm***

Broadcaster, teacher and writer, Thomas F. Walsh was born near Headford, Co. Galway, and reared with his brothers and sisters on the small farm that he so lovingly describes in *Once in a Green Summer.*

In this book, and in his bestselling *Favourite Poems* series, Thomas Walsh has put together a delightful collection of memories of that vanished world. The first title in his poem series, *Favourite Poems we Learned in Schools* is a collection of the most quoted and most memorable poems we learned in school. The poems are evocative and they will stir a nostalgic chord in all our hearts.








# SEIRBHÍS LEABHARLAINNE CHOMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO

AG CEILIÚRADH BEALTAINE.

## CLÁR LÉACHTAÍ & LÉAMHA:

**Tracing Your Family Tree le Ger Delaney ó Ionad Stair Theaghlaigh Mhaigh Eo, Baile an Róba, Co. Mhaigh Eo**

***Leabharlann Bhéal an Átha, Déardaoin 14 Bealtaine ag a 8.00i.n.***

Sa léacht seo déanfaidh Gerard Delaney cur síos ar phríomhfhoinsí ginealaigh atá á gcaomhnú i Maigh Eo agus déanfar trácht ar na sonraí a fhaightear de ghnáth iontu. Tabharfaidh sé leideanna ar cén chaoi a bhailítear eolas ó thaifid eaglaise agus stáit, ó thuairisceáin daonáirimh, ó thaifid maoine agus cánach ón 19ú haois.

Pléifidh sé sloinnnte agus logainmneacha malartacha a fhaightear ar thaifid ón 19ú haois agus ceantar thíreolaíochta a mbaintear leas astu sna taifid sin. Déanfaidh sé cur síos ar bhealach chun stair theaghlaigh i Maigh Eo a chur le chéile agus na fadhbanna coitianta a éiríonn dá bharr.

# MAYO COUNTY COUNCIL LIBRARY SERVICE

CELEBRATING BEALTAINE.

## TALKS & READINGS PROGRAMME:

**Tracing Your Family Tree with Ger Delaney of the Mayo Family History Centre, Ballinrobe, Co. Mayo**

***Ballina Library, Thursday 14th May at 8.00pm***

In this talk, Gerard Delaney will describe the main genealogical sources that survive for Co. Mayo and describe the details they typically contain giving valuable tips on interpreting church and civil records, census returns, 19th century property and taxation records.

He will address surname and place-name variations found on 19th century records and also describe the geographical areas used in 19th century record-keeping. He will also outline a methodology for compiling family histories and address the more common problems encountered in tracing family history in Mayo.







# SEIRBHÍS LEABHARLAINNE CHOMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO

## AG CEILIÚRADH BEALTAINE.

## CLÁR LÉACHTAÍ & LÉAMHA:

